Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0414(COD)**

10107/23
ADD 2

EMPL 294
SOC 422
CODEC 1011

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin<br>- Ráiteas Comhpháirteach ón mBeilg, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón Spáinn |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas comhpháirteach ón mBeilg, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóivéin agus ón Spáinn maidir leis an togra thuasluaite.

**Ráiteas ó na Ballstáit atá ar aon intinn faoi threoir uaillmhianach maidir le hobair ardáin**

Is mór ag Rialtas na Beilge, Rialtas Lucsamburg, Rialtas Mhálta, Rialtas na hÍsiltíre, Rialtas na Portaingéile, Rialtas na Rómáine, Rialtas na Slóivéine agus Rialtas na Spáinne iarrachtaí agus tiomantas na nUachtaránachtaí comhleanúnacha ar Chomhairle an Aontais agus an Coimisiún Eorpach ar mhaithe le cur chuige ginearálta a bhaint amach i ndáil leis an togra le haghaidh Treorach maidir le feabhas a chur ar na dálaí oibre san obair ardáin Tréaslaímid le hUachtaránacht na Sualainne as cur chuige ginearálta a bhaint amach.

Is díol sásaimh dúinn an cur chuige ginearálta seo mar chéim thábhachtach i dtreo cosaint níos fearr a thabhairt d’oibrithe ardáin. Deis uathúil is ea an chaibidlíocht atá ar na bacáin le Parlaimint na hEorpa chun dálaí oibre cothroma agus díniteacha a ráthú d’oibrithe ardáin dhigiteacha ar fud na hEorpa.

Is reachtaíocht thábhachtach í an Treoir seo a bhfuil sé mar aidhm léi aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le todhchaí na hoibre. Tá an deis ag an Aontas a bheith ina cheannródaí domhanda ó thaobh feabhas a chur ar dhálaí oibre d’oibrithe ardáin agus an tagarmharc a leagan síos le haghaidh aistriú digiteach atá cothrom agus cuimsitheach do na milliúin oibrithe nár cheart a eisiamh ón idirphlé sóisialta fóinteach.

Ó fhíorthús na caibidlíochta, theastaigh uainn ar fad Treoir a ghlacadh lena mbainfeadh an leibhéal uaillmhéine is airde, Treoir a bhainfeadh an chothromaíocht cheart amach idir fíorfheabhas a chur ar dhálaí oibre na ndaoine a dhéanann obair ardáin, beag beann ar a stádas fostaíochta, agus forbairt inbhuanaithe gheilleagar na n-ardán. Treoir a chuirfeadh leis an gcothrom iomaíochta san Aontas Eorpach agus lenar féidir, ag an am céanna, daoine a oibríonn trí ardáin dhigiteacha a aicmiú i gceart - Treoir a chuirfeadh fíorfheabhas ar a ndálaí oibre.

Sa téacs atá le formheas sa Chomhairle inniu, áirítear dul chun cinn maidir le bainistiú na n-algartam, an gá le maoirseacht dhaonna ar na próisis sin agus cearta faisnéise na n-oibrithe, chomh maith le trédhearcacht laistigh d’obair ardán digiteach. Is céimeanna tábhachtacha iad sin uile a chuireann le cearta na n-oibrithe ardáin uile.

Ina theannta sin, is céim thábhachtach é toimhde infhrisnéise fostaíochta a bhunú chun oibrithe ardáin a chosaint. Mar sin féin, níl an toimhde dhlíthiúil infhrisnéise maidir leis an gcaidreamh fostaíochta atá sa Chur Chuige Ginearálta seo chomh huaillmhianach agus chomh héifeachtach céanna leis an toimhde atá molta ag an gCoimisiún. Ba cheart an toimhde dhlíthiúil infhrisnéise a ghníomhachtú faoi noirm agus sásraí soiléire trédhearcacha, arna gcomhroinnt ag na Ballstáit uile, lena n-urramófaí dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na gCúirteanna náisiúnta.

Thairis sin, is gá toimhde dhlíthiúil a bhunú gan srianta ná maoluithe, ós rud é, mura ndéanfaí amhlaidh, nach ndéanfaí ach an éagothroime atá ann faoi láthair a bhuanú idir na hardáin dhigiteacha (lena n-áirítear agus idirghabhálaithe á n-úsáid acu) agus na daoine aonair a dhéanann obair ardáin dhigitigh, as ar eascair na mílte oibrithe féinfhostaithe mar dhea san Eoraip agus dálaí oibre éiginnte. Beidh sé mar aidhm againn freisin raon feidhme na toimhdean dlíthiúla a leathnú chuig imeachtaí cánach, coiriúla agus slándála sóisialta.

Agus é mar aidhm againn an próiseas reachtach a choinneáil ar an mbóthar ceart inniu agus go bhféadfaí tús a chur, dá réir sin, leis an gcaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, agus sinn feasach faoi na héilimh ó roinnt geallsealbhóirí ábhartha, ghníomhaigh an grúpa seo againne de Bhallstáit atá ar aon intinn le go nglacfaí cur chuige ginearálta na Comhairle. Cé go raibh seasaimh éagsúla vótála againn, ba chomh-mhian dúinn ar fad feabhas a chur ar an téacs.